

AITHRIGHE DHÁITHÍ AN RÍ - SALM NA MARBH

Ón doimhneadas sgreadaim ort, a Thighearna
A Thighearna, ó a Thighearna cé fhuilingeochoas é
De bhrígh gur i gceann ár dTighearna,
Atá an tSacraméid
Ár n-athair síothchánta, le do dhligheadh
Tá mo shúil leat a Thighearna
Agus muinghin m'anama in do bhriathra
Dóchas ár n-anam go raibh inár dTighearna
Ó dhubh maidne go dubh oidhche.
Go raibh dóchas ag Athair Íosa
A rachaidh linn inár dTighearna
D'fhuaisgil agus d'fhuaisgeolach
Clann Íosa rachaidh linn
De chuile mhallaidheacht
Suimhneas síoraidhe tabhair dúinn é a Thighearna
Soillse soluis
Comhnuidhe orainn ó gheataí ifrinn
Tabhair dúinn é ár bhfeicsint
Agus go bhfeicimid do mhaithe i dtalamh na mbeo
Agus go gcómhóchnóchadh muid I do shíocháin
Le linn Críosta ár dTighearna. Ámén.